Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

# FODHLÍTHE MAIDIR LE CORRTHRÁDÁIL (RIALÚ AGUS SAINIÚ)

**a rinneadh faoin**

**ACHT CORR-THRÁDÁLA, 1995**

**Fo-Dhlíthe a rinne Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an 4 Márta 2013**

**TEIDEAL FADA:** “Déanann an tArd-Mhéara agus Comhaltaí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (dá ngairfear “An Chomhairle” anseo feasta) i bhfeidhmiú na gcumhachtaí feidhmiúcháin atá dílsithe dóibh ag forálacha an Achta Corrthrádála, 1995 arna leasú, agus ag na cumhachtaí reachtúla cumasaithe eile ar fad, déanann siad leis seo na Fo-Dhlíthe seo a leanas maidir le Rialú agus Sainiú Corrthrádála i limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath”

**RÉAMHRÁ**

**UIMH. I** **GEARRTHEIDEAL:** Fo-Dhlíthe Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath um Chorrthrádáil (Rialú agus Sainiú), 2013, is teideal do na fodhlíthe seo.

**UIMH. 2** **LIMISTÉAR FEIDHME:** Tá feidhm ag na Fo-Dhlíthe seo i limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

**UIMH. 3** **DÁTA TOSAITHE:** Tiocfaidh na fodhlíthe seo in éifeacht an 4 lá de Mhárta 2013.

**UIMH. 4** **CÚLGHAIRM:** Cúlghairtear leis seo Fo-Dhlíthe Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath um Chorrthrádáil (Rialú agus Sainiú) 2012 a rinne an Chomhairle ar an 5 Márta 2012 amhail agus ón dáta tosaithe an 4 Márta 2013.

**UIMH. 5** **LÉIRMHÍNIÚ:** Sna Fo-Dhlíthe seo beidh leis na focail nó leis na habairtí seo a leanas na bríonna a thugtar dóibh go sainráite leis seo, is é sin le rá:

| | |
|---|---|
| “An tAcht” | Ciallaíonn sé sin an tAcht Corrthrádála, 1995. |
| “Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath” | Ciallaíonn sé sin an comhlacht riaracháin do Chathair Bhaile Átha Cliath mar a leagtar amach in Ailt 10 agus 11 agus i sceideal 5 den Acht Rialtais Áitiúil 2001. |
| “Limistéar Ainmnithe” | Ciallaíonn sé limistéar atá marcáilte i ndath dearg ar na léarscáileanna atá i gceangal leis seo agus atá liostaithe i gCuid **III** a ghabhann leis seo agus atá ainmnithe mar limistéar corrthrádála. |
| “Ceadúnas” | Ciallaíonn sé ceadúnas corrthrádála arna eisiúint faoin Acht Corrthrádála, 1995. |
| “Corrthrádáil” | Ciallaíonn sé earraí a dhíol in áit (lena n-áirítear bóthar poiblí) a bhfuil rochtain ag an bpobal air ó cheart nó in aon áit eile ar limistéar corrthrádála é mar a shainmhínítear é leis an Acht. |

| | |
|---|---|
| "Trádáil Imeachtaí" | Ciallaíonn sé corrthrádáil cheadúnaithe ag imeacht nó imeachtaí a shonraítear sa cheadúnas nó ag an áit nó I ngarchomharsanacht na háite ina dtarlaíonn an t-imeacht agus ar an lá nó na laethanta a tharlaíonn an t-imeacht. |
| "Áit Trádála" | Ciallaíonn sé áit i limistéar ainmnithe atá línithe le marcáil phéinte nó bríce datha dhifriúil ag teorainn na háite trádála. Ní rachaidh áit trádála thar achar 4 mhéadar chearnacha. |
| "Sealbhóir Ceadúnais" | Ciallaíonn sé duine dár eisíodh ceadúnas nó seirbhíseach nó gníomhaire an tsealbhóra ceadúnais ag gníomhú thar ceann an tsealbhóra ceadúnais. |
| "Oifigeach Údaraithe" | Ciallaíonn sé fostaí de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath nó duine eile arna cheapadh ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun críocha an Achta. |

## CUID I

LIMISTÉAR CORRTHRÁDÁLA

1. Déantar leis seo gach ceann de na tailte a thuairiscítear i gCuid III a ghabhann leis seo agus mar a leagtar amach sa Sceideal léarscáileanna a ghabhann leis seo a ainmniú mar limistéar corrthrádála chun críocha an Achta.

CEADÚNAS

2. Ní mór d'iarratasóir ar cheadúnas an táille chuí a íoc as an gcineál earraí atá le díol sa limistéar trádála ainmnithe áirithe. Léireofar sa cheadúnas cad iad na hearraí a fhéadfar a dhíol agus ní fhéadfar ach na hearraí sin a thaispeántar ar an gceadúnas, agus ar íocadh na dtáillí ceadúnais iomchuí ina leith, a bheith á ndíol ag sealbhóir an cheadúnais. Leagtar amach Sceideal na dtáillí do limistéir thrádála ainmnithe sna Fo-Dhlíthe maidir le Táillí a rinneadh faoin Acht Corrthrádála 1995.

Ní mór d'iarratasóir ar cheadúnas le haghaidh trádáil imeachta an táille chuí a íoc as an gcineál earraí atá le díol faoin gceannteideal cuí mar a leagtar amach sna Fo-Dhlíthe maidir le Táillí a rinneadh faoin Acht Corrthrádála 1995.

Ní fhéadfaidh an sealbhóir Ceadúnas Corrthrádála a ligean ar cíos ná a dhíol.

ÁIT TRÁDÁLA

3. Ní dhéanfaidh sealbhóir ceadúnais aon chorrthrádáil ach amháin laistigh den spás a leithdháilfear ar shealbhóir an cheadúnais i limistéar ainmnithe agus sainaithneofar an spás sin trí thuairisc i gceadúnas an tsealbhóra ceadúnais agus déanfar é a shainaithint le marcáil phéinte nó le brící datha éagsúla ag teorainn na háite trádála.

UIMH. AN CHEADÚNAIS
Á CUR AR TAISPEÁINT

4. Taispeánfaidh sealbhóir ceadúnais go feiceálach uimhir an cheadúnais ag áit trádála an tsealbhóra ceadúnais in áit a bheidh infheicthe go soiléir agus inléite go héasca ag daoine den phobal i gcónaí le linn uaireanta trádála. Má iarrtar amhlaidh air tabharfaidh sealbhóir an cheadúnais an ceadúnas ar aird d'aon duine ar é a éileamh.

**STAINNÍN**

5. Ní úsáidfidh sealbhóir ceadúnais ach stainnín nó gabhdán eile dá shamhail chun earraí a iompar/a thaispeáint atá ceadaithe ag Oifigeach Údaraithe de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus bainfidh sé an stainnín sin de ag deireadh na trádála gach lá. Féadfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath aon stainnín nó gabhdán dá samhail a fhaightear in áit trádála lasmuigh d'uaireanta trádála a bhaint. Ní rachaidh stainníní thar 2.5 mhéadar ar airde.

**CIONTA**

6. Beidh duine a sháróidh Fo-Dhlí ciontach i gcion.

**PIONÓS**

7. Gach duine a dhéanfaidh cion in aghaidh aon cheann de na Fo-Dhlíthe sin roimhe seo dlífear, ar é a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná **€**1,269.74 a chur air/uirthi**.** Is féidir ceadúnais a chúlghairm mar gheall ar mhainneachtain fanacht laistigh d'áit chorrthrádála agus/nó mainneachtain bruscar a bhaint.

**FODHLÍTHE A AISGHAIRM**

8. Ó dháta daingnithe na bhFodhlíthe seo agus dá éis, aisghairfear na Fodhlíthe a bhaineann leis an Acht Corrthrádála 1995 a rinneadh an 5 Márta 2012

**FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA**

9. Féadfar eisiúint ceadúnas d'áit trádála a chur ar fionraí go sealadach le hordú feidhmiúcháin chun tógáil/forbairt/cothabháil róid, cosáin nó bonneagair eile nó ar láithreáin in aice láimhe a éascú nó ar chúiseanna oibríochtúla eile.

**ÁITEANNA TRÁDÁLA MALARTACHA**

10. Féadfar ceadúnas atá ann cheana féin d'áit trádála a chur ar fionraí go sealadach le hordú feidhmiúcháin chun tógáil/forbairt/cothabháil róid, cosáin nó bonneagair eile nó ar láithreáin in aice láimhe á éascú nó ar chúiseanna oibríochta eile. De réir mar is cuí, féadfaidh an t-údarás áitiúil áiteanna trádála malartacha laistigh de limistéir ainmnithe a shannadh do shealbhóirí ceadúnais atá ann cheana tar éis comhairliúcháin, faoi réir iad a bheith ar fáil.

# CUID II

**Téarmaí agus coinníollacha ginearálta**

**Beartas maidir le leithdháileadh limistéir ainmnithe in áit trádála**

- Ní mór do dhaoine ar mian leo clárú le haghaidh limistéar ainmnithe in áit Chorrthrádála foirm "Léiriú Spéise chun trádála" a chomhlánú.

- Tairgfear áiteanna folmha ar bhonn tús freastail ar an gceann is túisce, ach amháin i gcás réimsí nua a leithdháilfear trí chrannchur.

- Ní dheonófar ceadúnas mura soláthraítear an fhaisnéis ábhartha go léir a theastaíonn sa phróiseas iarratais. Ní mór doiciméadacht a sholáthar laistigh de 30 lá ón tairiscint a fháil. Ní hionann glacadh le foirm iarratais ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus a rá go ndeonófar ceadúnas.

- Ní mór do dhuine aonair nach bhfuil in ann glacadh leis an tairiscint ar áit ag an am, ar chúis ar bith, ach atá fós ag iarraidh a bheith san áireamh d'áit dul ar ais go dtí deireadh an liosta feithimh.

- Mar gheall ar éileamh ar spásanna ní leithdháilfear ach áit amháin in aghaidh an limistéir Corrthrádála a leithdháileadh ar dhuine aonair.

- Ní féidir áit Chorrthrádála a fholigean ná a dhíol.

- Forchoimeádann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an ceart chun ceadúnas a chúlghairm tráth ar bith le linn na tréimhse ceadúnaithe mar gheall ar mhainneachtain coinníollacha an cheadúnais a chomhlíonadh.

- Níl ceadúnais inaistrithe ach féadfar breithniú a dhéanamh in imthosca eisceachtúla (i.e. I gcás bhás nó bhreoiteacht fhadtéarmach shealbhóir an cheadúnais) ar aistriú ceadúnais ar áit Chorrthrádála chuig gníomhaire/cúntóir ar ball teaghlaigh é/í faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:
    - Ba é an ball teaghlaigh gníomhaire cláraithe shealbhóir an cheadúnais agus tá sé/sí ag obair le sealbhóir an cheadúnais ar an áit trádála le ceithre bliana anuas ar a laghad.
    - Ní mór don bhall teaghlaigh a bhí ina g(h)níomhaire/c(h)úntóir a bheith tar éis léiriú spéise a chlárú roimhe seo d'áit Chorrthrádála le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath sular féidir breithniú a dhéanamh ar an iarratas ar aistriú. Féadfar tosaíocht a thabhairt sa chás seo do dhuine thar dhaoine eile ar an liosta feithimh.

- Coimeádann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an ceart aon ionad a fhágtar folamh ag sealbhóir ceadúnais ar feadh 2 mhí gan míniú réasúnta a chur ar fáil do Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a athshannadh.

- Ní mór do ghníomhairí léiriú spéise a chlárú más mian leo go mbreithneofaí iad le haghaidh ceadúnas Corrthrádála chun trádáil a dhéanamh i limistéar Corrthrádála ainmnithe.

- Níl aon cheart ná teidlíocht ag gníomhaire teacht i gcomharbas ar áit Chorrthrádála.

- Forchoimeádann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an ceart, i gcás oibreacha atá beartaithe nó atá le tarlú, chun trádálaithe atá ann cheana a athlonnú i limistéir ainmnithe in oibreacha nó in aice le hoibreacha, isteach i limistéir thrádála ainmnithe eile atá ar fáil laistigh de limistéar feidhme na Comhairle Cathrach. Déanfar é seo tar éis dul i gcomhairle le trádálaithe.

- Ní mór do shealbhóirí ceadúnais fógra dhá mhí a thabhairt má tá áit á tabhairt suas acu.

**Téarmaí agus Coinníollacha trádála**

- Is é sealbhóir an cheadúnais amháin a ghabhfaidh do Thrádáil Ócáideach ag an suíomh a shonraítear sa cheadúnas.

- Ní dhíolfar earraí ar bith seachas na hearraí sin a shonraítear sa cheadúnas.

- Beidh an trádáil teoranta don suíomh a leithdháiltear air/uirthi, ar feadh na n-amanna agus na laethanta sonraithe.

- Ní mór do thrádálaithe in earraí bia ceanglais Oifig Sláinte Comhshaoil áitiúil FSS maidir le rialú reachtúil bia a chomhlíonadh.

- Ní mór do gach duine atá ag gabháil do Thrádáil Ócáideach, cé is moite díobh siúd atá "ag trádáil amach as an láimh" ag imeachtaí áirithe, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus aon duine a úsáideann an áis/seirbhís atá á soláthar a shlánú i gcoinne aon dliteanas a eascraíonn as úsáid na saoráide/na seirbhíse atá i gceist. Maidir leis sin ní mór árachas dliteanais phoiblí de €6.4m (íosmhéid) i gcás aon timpiste amháin a fháil agus ní mór don iarratasóir cruthúnas air sin a thabhairt do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath sula ndeonaítear aon cheadúnas.

- Soláthróidh sealbhóir ceadúnais, ar a chostas féin, gabhdán oiriúnach a chomhlíonann riachtanais Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le bruscar/dramhaíl a dhiúscairt agus coinneoidh sé/sí an áit trádála glan agus slachtmhar i gcónaí.

- Féadfaidh comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath aon stainnín nó gabhdán dá samhail a fhaightear in áit trádála lasmuigh d'uaireanta trádála a bhaint.

- Taispeánfaidh sealbhóir ceadúnais a cheadúnas nó a ceadúnas corrthrádála go feiceálach in áit a bheidh infheicthe go soiléir agus inléite go héasca ag an bpobal.

- Féadfaidh sealbhóir ceadúnais beirt ghníomhairí a ainmniú chun cabhrú le hoibriú stainnín trádála ainmnithe faoi na téarmaí agus na coinníollacha seo a leanas:
    - Féadfaidh sé nach mbeadh ach beirt ag oibriú an stainnín ag aon am amháin agus caithfidh gach duine acu a bheith ag trádáil taobh istigh de mhéadar amháin den stainnín.
    - Ní mór do shealbhóir an cheadúnais a bheith i láthair i gcónaí nuair is indéanta. Tá sé inghlactha go mbeadh sealbhóir an cheadúnais as láthair le linn tréimhsí saoire nó mar gheall ar bhreoiteacht ach ní mór an neamhláithreacht seo a chur in iúl don Rannóg Corrthrádála a luaithe is féidir go praiticiúil.
        - Fón: 01-2222165
        - Fón Póca: 087-9358903
        - R-phost: casualtrading@dublincity.ie.
    - Teastaíonn teastas dochtúra i gcás tréimhse fada neamhláithreachta.

- Ní mór do shealbhóir ceadúnais a bheith in ann i gcónaí rian páipéir a tháirgeadh lena sainaithnítear go soiléir bunáitíocht na n-earraí ina sainaithnítear an áit as ar tháinig stoc.

- Tá cosc iomlán ar dhíol earraí góchumtha.

- Ní mór na hearraí go léir a dhíoltar mar "earraí athláimhe" a aithint go soiléir mar "earraí athláimhe" ag an díolphointe.

- Le linn dóibh a bheith ag áitiú áit trádála ní mór do shealbhóir ceadúnais géilleadh do gach iarratas dleathach réasúnach ó oifigeach údaraithe nó ó chomhalta den Gharda Síochána.

- Féadfar an ceadúnas seo a chúlghairm tráth ar bith má sháraítear aon choinníoll den cheadúnas nó má tá aon choinníoll den cheadúnas á sárú.

- Ba cheart gur gineadóirí Díosail amháin iad na gineadóirí amháin atá inghlactha le húsáid.

- Ní chuirfidh duine a bheidh ag gabháil do Chorrthrádáil bac ar aon ghnó, áitreabh, cosán, bóthar poiblí nó ceart slí poiblí

- Ní dhéanfaidh duine a bheidh ag gabháil do Chorrthrádáil trádáil ar bhealach is cúis le cion nó ar dóigh dó a bheith ina chúis le cion.

**Pionóis mar gheall ar sháruithe ar théarmaí agus coinníollacha**
Déileálfar le sáruithe ar na téarmaí agus na coinníollacha thuas mar a leanas:

1ú Sárú – 1ú rabhadh scríofa

2ú Sárú – 2ú rabhadh scríofa

3ú Sárú - cúlghairm iomlán agus neamh-athnuachan ar an gceadúnas

**Bainistiú Dramhaíola**
Is ar an trádálaí atá an fhreagracht dramhaíl a ghintear ag gach stainnín trádála a bhaint. Faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996 tá dhá rogha ag trádálaithe a gcuid dramhaíola a dhiúscairt:

1. Socrú a dhéanamh go ndéanfaidh cuideachta phríobháideach diúscartha dramhaíola é.
2. Féadfaidh an trádálaí socrú a dhéanamh a gcuid dramhaíola a dhiúscairt ar bhealach ceart malartach.

Ní mór don dá rogha an tAcht um Bainistiú Dramhaíola 1996 a chomhlíonadh agus rialacháin/treoracha ábhartha AE a chomhlíonadh. Meabhraítear do thrádálaithe nuair a bhíonn siad ag diúscairt a gcuid dramhaíola agus má mhainníonn siad é sin a dhéanamh nó má dhéanann siad amhlaidh ar bhealach a sháraíonn an tAcht um Bainistiú Dramhaíola 1996 go bhfuil siad faoi dhliteanas go ndéanfaidh an t-údarás áitiúil iad a ionchúiseamh. Meabhraítear do thrádálaithe freisin a bhfreagrachtaí faoin Acht um Chosaint an Chomhshaoil, 2003 agus faoin Acht um Thruailliú ó Bhruscar 1997.

**An próiseas iarratais**
Ceadúnais Limistéir Ainmnithe

Déantar gach Ceadúnas Limistéir Ainmnithe a athnuachan ar dháta bliantúil ar leith. Cuirtear foirmeacha athnuachana amach an mhí roimh dhul in éag an Cheadúnais. Ní mór an méid seo a leanas a chur isteach le haghaidh iarratais ar Cheadúnas Corrthrádála do limistéar ainmnithe:

- Foirm iarratais chomhlánaithe

- 2 ghrianghraf pas de shealbhóir an cheadúnais

- Cruthúnas céannachta – Pas /ceadúnas tiománaithe

- Cóip den pholasaí árachais dliteanais phoiblí de €6.4 milliún ar a laghad agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath slánaithe ar an bpolasaí.
- Más mian le sealbhóir an cheadúnais gníomhairí a ainmniú, ní mór dóibh ainm, uimhir PSP agus grianghraf pas an ghníomhaire a sholáthar.
- I gcás ceadúnas chun bia a dhíol, beidh cóip de chlárú FSS agus grianghraf den aonad atá le húsáid ag teastáil freisin.
- Deimhniú imréitigh cánach bailí
- Táille chuí

**Ceadúnais Tráchtála d'Imeachtaí**

Ní mór gach iarratas a dhéanamh suas le 10 lá roimh an imeacht le haghaidh Ceadúnais "trádáil amach as an láimh" agus 30 lá le haghaidh gach ceadúnas eile. Ní fhéadfar iarratais a dhéantar lasmuigh de na tréimhsí ama sin a phróiseáil. Ní mór an méid seo a leanas a chur isteach le haghaidh iarratais ar Cheadúnas Corrthrádála le haghaidh imeachta:

- Foirm iarratais chomhlánaithe
- 2 ghrianghraf pas de shealbhóir an cheadúnais
- Cruthúnas céannachta – Pas /ceadúnas tiománaithe
- Cóip de pholasaí árachais dliteanais phoiblí, de €6.4 milliún ar a laghad agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath slánaithe ar an bpolasaí, cé is moite de cheadúnais "trádáil amach as an láimh".
- I gcás ceadúnas chun bia a dhíol, beidh cóip de chlárú FSS agus grianghraf den aonad atá le húsáid ag teastáil freisin.
- Deimhniú imréitigh cánach bailí
- Táille chuí

## CUID III

**Limistéir Ainmnithe agus Amanna Trádála.**

| **LIMISTÉIR SHAINITHE IMLÍNITHE I nDEARG SNA LÉARSCÁILEANNA FAOI IAMH.**<br><br>**UIMH. THAGARTHA DON MHAPA UIMH.** | **AMANNA TRÁDÁLA** |
|---|---|
| ***Sráid na Mainistreach ag Ionad Irish Life:*** ***2010-0488***<br><br>Tae/Caife agus sneaiceanna éadroma te agus fuara | Luan – Satharn<br><br>7.00 a.m. – 6.00 p.m. |
| ***Sráid na Mainistreach Láir:*** **11543**<br><br>Seodra, Oiriúintí Faisin, Cuimhneacháin<br><br>agus Ceardaíocht (seachas sárú cóipchirt, stampa C.E. amháin)<br><br>Bláthanna | Luan – Satharn.<br><br>9.00 a.m. — 6.30 p.m. |
| ***Sráid Amiens ag an mbealach isteach chuig an IFSC:*** ***15064***<br><br>Tae/Caife agus sneaiceanna éadroma te agus fuara | Luan – Satharn<br><br>7.00 a.m. – 6.00 p.m. |
| ***Sráid Anna Theas***: **11543/8**<br><br>Seodra, Oiriúintí Faisin, Cuimhneacháin agus Ceardaíocht (seachas sárú cóipchirt, stampa C.E. amháin) | Luan – Satharn.<br><br>10.00 a.m. – 6.30 p.m. |
| ***Sráid Bhagóid Íochtarach***: **11543/12**<br><br>Bláthanna | Luan – Satharn.<br><br>9.00 a.m. — 6.30 p.m. |
| ***Cearnóg Barnardo:*** ***2011-0373***<br><br>Seodra/Ceardaíocht, Portráidithe agus Ealaíontóirí Scigphictiúr, Leabhair | Luan – Satharn<br><br>10.00 a.m. – 6.00 p.m. |
| ***Clárchosán na Life:*** ***2011-0370***<br><br>Pictiúir agus Líníochtaí (bunsaothair na sealbhóirí ceadúnais féin) | Satharn & Domhnach (Bealtaine – Lúnasa amháin)<br><br>10.00 a.m. – 6.00 p.m. |
| ***Sráid Camden***: **11543/9**<br><br>Torthaí agus Glasraí.<br><br>Bláthanna | Luan – Satharn<br><br>9.00 a.m. — 6.30 p.m. |

| **LIMISTÉIR SHAINITHE IMLÍNITHE I nDEARG SNA LÉARSCÁILEANNA FAOI IAMH.**<br><br>**UIMH. THAGARTHA DON MHAPA UIMH.** | **AMANNA TRÁDÁLA** |
|---|---|
| ***Bóthar Dhroichead Chairdif, Fionnghlas*:** **11543/19**<br><br>Éadaí (seachas sárú cóipchirt)<br><br>Bláthanna<br><br>Seodra, Oiriúintí Faisin, Cuimhneacháin agus Ceardaíocht. (seachas sárú cóipchirt, stampa C.E. amháin)<br><br>Earraí tí éagsúla (stampa C.E. amháin)<br><br>Milseogra<br><br>Torthaí agus Glasraí | Domhnach amháin<br><br>9.00 a.m. — 2.30 p.m. |
| ***Sráid Chatham:*** **11543/8**<br><br>Bláthanna | Luan . – Satharn<br><br>10.00 a.m. — 6.30 p.m. |
| ***Lána Coles*:** **11543/3**<br><br>Bláthanna<br><br>Seodra, Oiriúintí Faisin, Cuimhneacháin agus Ceardaíocht (seachas sárú cóipchirt, stampa C.E. amháin)<br><br>Éadaí (seachas sárú cóipchirt) | Luan – Satharn.<br><br>9.00 a.m. — 6.30 p.m. |
| ***Faiche an Choláiste:*** **15070**<br><br>Seodra, Oiriúintí Faisin, Cuimhneacháin agus Ceardaíocht.<br><br>(seachas sárú cóipchirt, stampa C.E. amháin) | Luan – Satharn.<br><br>9.00 a.m. — 6.30 p.m. |
| **Rae Coppinger:** **2011-0371**<br><br>Táirgí Bia na hÉireann (faofa ag an mBord Bia)<br><br>Ceardaíocht | Déardaoin agus Aoine<br><br>10.00 a.m. – 6.00 p.m.<br><br>Dé Sathairn<br><br>10.00 a.m. – 2.00 p.m. |
| **Sráid Cumberland Thuaidh:** **11543/5**<br><br>Earraí tí éagsúla (stampa C.E. amháin)<br><br>Éadaí (seachas sárú cóipchirt)<br><br>Mangaisíní | Satharn amháin<br><br>8.00 a.m. – 2.00 p.m. |

| LIMISTÉIR SHAINITHE IMLÍNITHE I nDEARG SNA LÉARSCÁILEANNA FAOI IAMH.<br><br>UIMH. THAGARTHA DON MHAPA UIMH. | AMANNA TRÁDÁLA |
|---|---|
| ***Sráid an Diúic.*** **11543/7**<br><br>Bláthanna,<br><br>Seodra, Oiriúintí Faisin, Cuimhneacháin agus Ceardaíocht (seachas sárú cóipchirt, stampa C.E. amháin) | Luan – Satharn.<br><br>10.00 a.m. – 6.30 p.m. |
| ***Acomhal Shráid na hÉirne le Sráid an Phiarsaigh:*** **11543/10**<br><br>Torthaí agus Glasraí. | Luan – Satharn.<br><br>9.00 a.m. — 6.30 p.m. |
| ***Sráid Mhic Pháid:*** **11543/11**<br><br>Bláthanna | Luan – Satharn.<br><br>9.00 a.m. — 6.30 p.m. |
| ***Bóthar Fhionnghlaise:*** **11543/6**<br><br>Bláthanna **agus 11543/18** | Luan-Domhnach<br><br>9.00 a.m. — 6.30 p.m. |
| ***Sráid Sheamlas an Éisc:*** ***2010-0636***<br><br>Uachtar Reoite | Luan – Satharn (Bealtaine-Lúnasa amháin)<br>10.00 a.m. – 6.00 p.m. |
| ***Sráid Fownes agus Sráid an Dáma:*** ***2011-0369***<br>Ealaíontóir Portráide/Scigphictiúir | Déardaoin – Domhnach<br><br>10.00 a.m. – 6.00 p.m. |
| ***Sráid Grafton (Barr):*** ***2011-0375***<br><br>Bláthanna | Luan – Satharn<br><br>10.00 a.m. – 6.00 p.m. |
| ***Droichead Grattan:*** ***2011-0376***<br><br>Bláthanna, Ealaíona agus Ceardaíocht (seachas sárú cóipchirt) | Luan – Satharn<br><br>10.00 a.m. – 6.00 p.m. |
| ***Bóthar Chrois Araild :*** ***11543/15***<br><br>***(Reilig Chnocán Iaróm)***<br><br>Bláthanna | Luan – Domhnach<br><br>9.00 a.m. — 6.30 p.m. |
| ***Sráid Harry:*** ***11543/8***<br><br>Bláthanna | Luan – Satharn<br><br>10.00 a.m. — 6.30 p.m. |

| **LIMISTÉIR SHAINITHE IMLÍNITHE I nDEARG SNA LÉARSCÁILEANNA FAOI IAMH.**<br><br>**UIMH. THAGARTHA DON MHAPA UIMH.** | **AMANNA TRÁDÁLA** |
|---|---|
| ***Plás Henry:*** ***11543/23***<br>Seodra, Oiriúintí Faisin, Cuimhneacháin agus Ceardaíocht,<br><br>Éadaí<br><br>Póstaer<br>(i ngach cás seachas sárú cóipchirt, stampa C.E. amháin) | Luan-Satharn<br>1 Eanáir – 30 Samhain agus 27 Nollaig – 31 Nollaig.<br><br>10.00 a.m. – 6.30 p.m. |
| ***Sráid Anraí/Sráid Mhuire 11543/23 & 11543/24***<br>Earraí Nollag mar atá mínithe thíos (seachas sárú cóipchirt, stampa C.E. amháin)<br>• Balúin<br>• Cártaí<br>• Mainséir<br>• Maisiúcháin<br>• Fleasca cuilinn agus eidhneáin, cuileann saorga<br>• Ceardaíocht lámhdhéanta<br>• Boscaí Bronntanais, lena n-áirítear Hataí agus lámhainní (seachas sáruithe cóipchirt)<br>• Seodra (seachas sáruithe cóipchirt)<br>• Drualus agus plandaí Nollag<br>• Póstaeir (seachas sáruithe cóipchirt)<br>• Bréagáin (stampa CE amháin)<br>• Roghbhoscaí<br>• Páipéar beartán<br>• Hataí Dhaidí na Nollag<br>• Éadaí (seachas sárú cóipchirt)<br>• Málaí láimhe (seachas sárú cóipchirt)<br>• Bróga (seachas sárú cóipchirt) | Luan-Domhnach<br>1 -31 Nollaig<br>10.00 a.m.– 9.00 p.m. |
| **Cearnóg Heuston – taobh thiar den stad LUAS: 2010-0486 thuaidh**<br><br>Tae/Caife, sneaiceanna éadroma teo agus fuara | Luan – Satharn<br>7.00 a.m. – 6.00 p.m. |
| ***Sráid Lemon*: 11543/8**<br><br>Seodra, Oiriúintí Faisin, T-léinte, Cuimhneacháin agus Ceardaíocht.<br>(seachas sárú cóipchirt, stampa C.E. amháin) | Luan-Satharn<br>10.00 a.m. — 6.30 p.m. |
| ***Sráid na Life Íochtarach*** **11543/16**<br>Seodra, Oiriúintí Faisin, T-Léinte, Cuimhneacháin agus Ceardaíocht (seachas sárú cóipchirt, stampa C.E. amháin)<br><br>Bláthanna | Luan – Satharn<br>9.00 a.m. — 6.30 p.m. |
| ***Sráid Mhaoilbhríde*** **11543/4**<br>Torthaí agus Glasraí.<br>Bláthanna | Luan – Satharn.<br>9.00 a.m. — 6.30 p.m. |
| **Cearnóg Mhuirfean: 11543/35**<br><br>Pictiúir agus Líníochtaí (bunsaothair na sealbhóirí ceadúnais féin) | Satharn, Domhnach agus 1-24 Nollaig amháin. |

| | |
|---|---|
| | 10.30 a.m. – 6.30 p.m. |
| **LIMISTÉIR SHAINITHE IMLÍNITHE I nDEARG SNA LÉARSCÁILEANNA FAOI IAMH.**<br><br>**UIMH. THAGARTHA DON MHAPA UIMH.** | **AMANNA TRÁDÁLA** |
| ***Sráid an Mhúraigh***: **11543/2**<br><br>Torthaí agus Glasraí.<br><br>Bláthanna<br><br>Milseogra<br><br>Seodra agus Oiriúintí Faisin, Cuimhneacháin agus Ceardaíocht (seachas sárú cóipchirt, stampa C.E. amháin)<br><br>Éadaí (seachas sárú cóipchirt) | Luan – Satharn.<br><br>9.00 a.m. — 6.30 p.m. |
| **Cearnóg an Mhargaidh Nua: 2011-0372**<br><br>Mangaisíní | Dé Domhnaigh<br><br>10.00 a.m. – 6.00 p.m. |
| **Trádáil Oíche**:<br><br>Díolachán bia te/fuar agus deochanna neamh-mheisciúla<br><br>Droichead Uí Chonaill **11543/1**<br><br>Sráid Grafton **11949-1**<br><br>Sráid Camden Íochtarach **11949-2**<br><br>Faiche an Choláiste **11949-3**<br><br>Sráid Haiste Íochtarach **11949-4**<br><br>Sráid Cuffe **11949-5**<br><br>Sráid Mhic Pháid **11543/11**<br><br>Sráid na Toinne **2010-0493**<br><br>Sráid Fownes agus Sráid an Dáma **2011-0369**<br><br>Sráid Fhearchair **2010-0494** | Déardaoin – Domhnach<br><br>11.00 p.m. – 4.00 a.m. |
| ***Droichead Uí Chonaill:*** **11543/1**<br><br>Bláthanna<br><br>Seodra, Oiriúintí Faisin, Cuimhneacháin agus Ceardaíocht,<br><br>(seachas sárú cóipchirt, stampa C.E. amháin) | Luan – Satharn.<br><br>9.00 a.m. — 6.30 p.m. |

| | |
|---|---|
| | |
| **LIMISTÉIR SHAINITHE IMLÍNITHE I nDEARG SNA LÉARSCÁILEANNA FAOI IAMH.**<br><br>**UIMH. THAGARTHA DON MHAPA UIMH.** | **AMANNA TRÁDÁLA** |
| **Sráid Uí Chonaill: 2011-0531**<br><br>Bláthanna<br><br>Nuachtáin, Irisí | Luan-Satharn<br><br>9.00 a.m. – 6.30 p.m. |
| ***Triantán Raghnallach: 2011-0374***<br>Seodra, Bia-ábhair, Ceardaíocht | Satharn agus Domhnach<br><br>9.00 a.m. – 6.30 p.m. |
| ***Promanáid Dhumhach Thrá: 2010-0490***<br>Tae/Caife, sneaiceanna éadroma teo agus fuara | Luan – Satharn<br><br>7.00 a.m. – 6.00 p.m. |
| ***Sráid an Rí Theas: 11543/39***<br>Bláthanna | Luan – Satharn<br><br>9.00 a.m. – 6.00 p.m. |
| ***Páirc Phádraig (Ráillí): 2011-0377***<br>Pictiúir, Líníochtaí, Grianghrafadóireacht (bunsaothair na sealbhóirí ceadúnais féin)<br><br>Ealaíontóir Portráide/Scigphictiúir | Satharn, Domhnach agus an 1 –24 Nollaig 10.30 a.m. – 6.30 p.m.<br><br>Luan – Satharn<br><br>10.00 a.m. – 6.00 p.m. |
| ***Plaza Shráid an Stórais: 2011-0632***<br>Bláthanna, Ealaíona agus Ceardaíocht (seachas sárú cóipchirt) | Luan – Satharn<br><br>10.00 a.m. – 6.00 p.m. |
| ***Sráid Thomáis*: 11543/13**<br>Torthaí agus Glasraí<br>Bláthanna<br>Milseogra<br>Ábhair ilchineálacha Earraí Tí (stampa C.E. amháin)<br>Seodra, Oiriúintí Faisin, Cuimhneacháin agus Ceardaíocht (seachas sárú cóipchirt, stampa C.E. amháin)<br>Éadaí (seachas sárú cóipchirt, stampa C.E. amháin) | Luan – Satharn.<br>9.00 a.m. — 6.30 p.m. |
| ***Sráid Chill Mhantáin: 11543/7***<br>Seodra, Oiriúintí Faisin, Cuimhneacháin agus Ceardaíocht (seachas sárú cóipchirt, stampa C.E. amháin) | Luan – Satharn<br>10.00 a.m. – 6.30 p.m. |

| | |
|---|---|
| **LIMISTÉIR SHAINITHE IMLÍNITHE I nDEARG SNA LÉARSCÁILEANNA FAOI IAMH.**<br><br>**UIMH. THAGARTHA DON MHAPA UIMH.** | **AMANNA TRÁDÁLA** |
| ***Páirc Wolfe Tone 11543/29***<br>Ealaíona agus Ceardaíocht (bunsaothar na sealbhóirí ceadúnais féin)<br>Péintéireachtaí agus Líníochtaí (bunsaothar na sealbhóirí ceadúnais féin).<br><br>Margadh Bia Gourmet, táirgeoirí príomha, bia orgánach, agus iompórtálaithe díreacha speisialaithe.<br><br>Má dhéantar Sráid an Mhúraigh a athfhorbairt agus má aistrítear an margadh chuig Margadh Wolfe Tone, cuirfear na bearta seo a leanas i bhfeidhm:<br>Torthaí agus Glasraí.<br>Bláthanna<br>Milseogra<br>Seodra agus Oiriúintí Faisin, Cuimhneacháin agus Ceardaíocht (seachas sárú cóipchirt, stampa C.E. amháin)<br>Éadaí (seachas sárú cóipchirt) | Satharn, Domhnach agus 1-24 Nollaig (seachas Déardaoin agus Aoine) 10.00 a.m. – 6.30 pm.<br><br>Aoine 10.00 a.m. – 6.30 p.m. agus Déardaoin/Aoine idir an 1 agus an 24 Nollaig.<br><br>Luan – Satharn.<br>9.00 a.m. — 6.30 p.m. |

**Féadfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath breithiúnais agus cinntí a dhéanamh faoi Mhargaí Téama Speisialta ag na láithreacha seo a leanas**:

- Margadh na Feirme 2011-0534
- Páirc Wolfe Tone 2011-0378
- Rae Coppinger (Dé Domhnaigh amháin) 2011-0371
- Sráid Essex Thoir 2011-0379
- Na Lotaí 2011-0581
- Sráid na hArdeaglaise 2011-0381
- Sráid Liam Theas 2011-0533
- Sráid Anglesea 2011-0383

**Ní foláir iarratais chuig an Rannóg Corrthrádála a dhéanamh tráth nach déanaí ná 2 mhí sula dtarlaíonn a leithéid de mhargaí áit a bhfuil an freastal tuartha níos lú ná 5,000 duine. Nuair atá an freastal tuartha níos mó ná 5,000 duine, ní foláir iarratais a dhéanamh chuig an Rannóg Corrthrádála, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dháta beartaithe an mhargaidh. Ba cheart d'iarratasóirí ar Mhargaí Téama a bheith ar an eolas freisin nach mór dóibh Ceadúnas le haghaidh Imeachtaí bailí a bheith acu arna eisiúint ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Eiseofar Ceadúnas Imeachtaí tar éis an fhaisnéis riachtanach a chomhlánú lena n-áirítear an méid seo a leanas:**

- Ainm an iarratasóra
- Seoladh an iarratasóra
- Príomhtheagmhálaí
- Uimhir Theagmhála
- Dáta tosaigh (lena n-áirítear leagan amach)
- Dáta críochnaithe (lena n-áirítear dírigeáil)
- Suíomh
- Am tosaithe
- Am Críochnaithe
- Achoimre ar ábhar an imeachta.
- An lucht féachana a bhfuiltear ag súil leis.
- Clúdach árachais dliteanais phoiblí le slánaíocht shonrach do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar shuim €6.4m agus dliteanas fostóirí de €13m (más infheidhme)
- Plean mionsonraithe um Bainistiú Imeachtaí chun measúnú riosca a bhaineann go sonrach leis an láithreán agus Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta a chur san áireamh.
- Plean Bainistíochta Bruscair.
- Sonraí faoi dhúnadh bóithre más gá.
- Sonraí maidir le hiarratais pháirceála a chur ar fionraí.
- Mionsonraí maidir le suíomh feithiclí.
- Sonraí faoi aon struchtúir/frapaí sealadacha atá á n-úsáid mar chuid den imeacht.

Tiocfaidh na Fo-Dhlíthe seo i bhfeidhm an 4 Márta 2013

DON TÉ LENA mBAINEANN

I LÁTHAIR tráth a greamaíodh séala

Chomhairle Cathrach Bhaile Átha

Cliath leis seo:

________________

Bainisteoir na Cathrach.